

Treoirlínte

Maidir le húdarú brainsí tríú tír
(BTTanna) i gcomhréir le hAirteagal
48c(8) de Threoir 2013/36/AE

1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

Stádas na dTreoirínte seo

Tá treoirínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010¹. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirínte a chomhlíonadh.

Sna treoirínte leagtar amach tuairim ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais, nó maidir le conas ba cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbaineann treoirínte, comhlíonadh trí na treoirínte a ionchorprú ina gcleachtais mar is cuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), agus cásanna ina bhfuil na treoirínte dírithe go príomha ar institiúidí san áireamh.

Ceanglais maidir le tuairisciú

De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt do ÚBE maidir le cibé an bhfuil na treoirínte seo á gcomhlíonadh acu, nó cibé an bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna a sholáthar le neamhchomhlíonadh ar shlí eile, faoin [27.12.2026]. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta sin, measfaidh ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE a chur isteach agus an tagairt 'EBA/GL/2026/05' luaite leo. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú. Ní mór aon athrú ar an stádas comhlíonta a thuairisciú do ÚBE chomh maith.

Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1093/oj>).

Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

Ábhar

Sonraítear a thuilleadh sna Treoirlínte seo an fhaisnéis atá le soláthar do na húdaráis inniúla ar iarratas ar údarú brainse tríú tír (BTT) lena n-áirítear maidir lena chlár oibríochtaí, a struchtúr eagraíochtúil agus a bhainistiú riosca, chomh maith leis na foirmeacha agus na teimpléid chaighdeánacha maidir leis an bhfaisnéis sin a sholáthar, an nós imeachta agus na coinníollacha a bhaineann le húdarú den sórt sin, agus na coinníollacha faoina bhféadfaidh údaráis inniúla brath ar fhaisnéis a cuireadh ar fáil cheana féin i bpróiseas aon údaráithe brainse tríú tír roimhe sin, de réir an tsainordaithe a leagtar amach in Airteagal 48c(8) de Threoir 2013/36/AE (CRD)².

Raon feidhme an chur i bhfeidhm

Tá feidhm ag na Treoirlínte seo maidir le húdarú na mbrainsí tríú tír go léir.

Sna cásanna ina bhfuil feidhm ag Airteagal 48a (4) de Threoir 2013/36/AE, ní bhaineann na Treoirlínte seo ach le ceanglais de chuid na mbrainsí tríú tír atá leagtha amach i dTeideal VI de Threoir 2013/36/AE nach bhfuil i gceist d'institiúidí creidmheasa atá údaráithe faoin Treoir sin.

Seolaithe

Tá na treoirlínte seo dírithe ar na ceannghnóthais agus ar na húdaráis inniúla mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (2)(i) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Sainmhínithe

Mura sonraítear a mhalairt, tá an bhrí chéanna le téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear i dTreoir 2013/36/AE agus i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013³ sna treoirlínte seo. Ina theannta sin, chun críocha na dTreoirlínte seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

Ceannghnóthas is iarratasóir

Ciallaíonn ‘ceannghnóthas is iarratasóir’ an ceannghnóthas díreach, de réir bhrí Airteagal 47(3), pointe (2) de CRD, a chuireann isteach an t-iarratas ar údarú chun brainse tríú tír a bhunú faoi na Treoirlínte seo

² Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 26 Meitheamh 2013, maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE. (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2013/36/2026-01-11>)

³ Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/2026-01-01>)

Ceanngnóthas	Ciallaíonn ‘ceanngnóthas’ gnóthas a bhfuil a cheannoifig aige i dtríú tír agus a bhfuil brainse tríú tír bunaithe aige sa Bhallstát, agus ag ceanngnóthas idirmheánach agus ceanngnóthas sealbhaíochta deiridh an ceanngnóthais sin, de réir mar is infheidhme. (Airteagal 47(3), pointe (2) de CRD)
CCL	Ciallaíonn sé sin ‘Cóimheas Cumhdaigh Leachtachta’ mar a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún ⁴
CGCC	Ciallaíonn sé sin ‘Cóimheas Glanchistiúcháin chobhsaí’ mar atá leagtha amach in Airteagal 428b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013
BTT	Ciallaíonn sé ‘brainse tríú tír’ de réir bhrí Airteagal 47(3), pointe (1) de CRD
GTT	Ciallaíonn sé sin ‘grúpa tríú tír’ mar a shainmhínítear é i bpointe 64 d’Airteagal 3(1) de CRD

⁴ Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2014 chun forlíonadh a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglas maidir le cumhdach leachtachta le haghaidh Institiúidí Creidmheasa (IO L 11, 17.1.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2015/61/2022-07-08)

5. Cur chun feidhme

Dáta cur i bhfeidhm

Beidh feidhm leis na Treoirlínte ón 11 Eanáir 2027.

Cuid I: Liosta faisnéise le haghaidh údarú brainse tríú tír faoi CRD

1. Faisnéis faoi chéannacht an cheannghnóthais is iarratasóir agus a ghrúpa

1. Ba cheart go mbeadh an fhaisnéis seo a leanas san iarratas ar údarú chun BTT a bhunú maidir leis an gceannghnóthas is iarratasóir, agus an ceannghnóthas idirmheánach agus an máthairghnóthas deiridh, de réir mar is infheidhme:
 - a) ainm dlíthiúil, foirm dhlíthiúil, dáta agus áit chorpraithe, suíomh gréasáin nó bealaí cumarsáide eile na gceannghnóthas agus sonraí teagmhála an duine laistigh den cheannghnóthas is iarratasóir ar cheart teagmháil a dhéanamh leis maidir leis an iarratas. Nuair is ábhartha agus is infhaighte, ainm agus sonraí teagmhála an phríomhchomhairleora ghairmiúil, más ann dó, a úsáideadh chun an t-iarratas a ullmhú;
 - b) tír agus seoladh oifig chláraithe an cheannghnóthais is iarratasóir, agus an cheannghnóthais idirmheánaigh agus an mháthairghnóthais deiridh agus, i gcás ina bhfuil siad difriúil, tír agus seoladh a cheanncheathrún riaracháin;
 - c) más infheidhme, ainm an chlár phoiblí ina bhfuil an ceannghnóthas agus an uimhir chláraithe ghaolmhar agus, más féidir, a Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI);
 - d) deimhniú go bhfuil na gníomhaíochtaí a bhfuil údarú á lorg ag an gceannghnóthas is iarratasóir ina leith sa Bhallstát cumhdaithe ag an údarú atá ag an gceannghnóthas is iarratasóir sin sa tríú tír ina bhfuil sé bunaithe agus go bhfuil sé faoi réir maoirseachta. Más ábhartha, míniú ar an gcomhfhreagras idir na gníomhaíochtaí atá údaraithe sa tríú tír agus na gníomhaíochtaí atá liostaithe i dTeideal I de CRD. I gcás nach bhfuil iasachtú nó soláthar ráthaíochtaí agus gealltanais a bhfuil sé beartaithe ag an gceannghnóthas is iarratasóir a sholáthar sa Bhallstát tríd an BTT faoi réir údarú sa tríú tír, ba cheart don cheannghnóthas is iarratasóir a shoiléiriú san iarratas go bhfuil an chroísheirbhís baincéireachta mar chuid dá ghnáthchúrsa gnó, agus go bhfuil sé faoi réir rialála agus maoirseachta stuamachta (go háirithe go bhfuil na rioscaí go léir a bhaineann le croísheirbhísí baincéireachta den sórt sin gafa ag an gcreat bainistíochta riosca agus go léirítear iad sna cóimheasa agus sna ceanglais chaipitil);
 - e) ainm, aonad eagraíochtúil, agus sonraí teagmhála na ndaoine teagmhála ábhartha laistigh d'údarás inniúil nó d'údarás inniúla tríú tír atá i gceannas ar mhaoirseacht an cheannghnóthais is iarratasóir agus an cheannghnóthais idirmheánaigh agus an mháthairghnóthais deiridh, nó chun maoirseacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí ábhartha, murab ionann iad;
 - f) dearbhú go bhfuil an t-iarratas ar údarú chun BTT a bhunú sa Bhallstát agus an doiciméadacht ghaolmhar de réir Airteagal 48c(4), pointe (c) de CRD curtha in iúl d'údarás inniúil tríú tír an cheannghnóthais is iarratasóir.

2. Ba cheart go mbeadh an fhaisnéis seo a leanas faoin gceannghnóthas agus faoina ghrúpa san iarratas ar údarú:
 - a) cairt chorpáraideach de ghrúpa an cheannghnóthais is iarratasóir, ina léirítear, i measc nithe eile, an gnóthas idirmheánach agus an máthairghnóthas deiridh, de réir Airteagal 47(3), pointe (2) de CRD, agus limistéir gheografacha bunaithe agus gníomhaíochta na n-eintiteas atá ina gcuid den TCG;
 - b) léiriú ar aon oibríochtaí corparáideacha suntasacha atá ar siúl nó atá tuartha laistigh den TCG (e.g. cumaisc nó fáлтаis, bunú fochuideachtaí nua agus/nó brainsí tríú tír eile) a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar staid stuamachta agus ar struchtúr eagraíochtúil an cheannghnóthais is iarratasóir;
 - c) céannacht chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta i bhfeidhm bhainistíochta (i) an cheannghnóthais is iarratasóir, lena n-áirítear an comhalta/na comhaltaí arb é nó iad an líne tuairiscithe deiridh faoin BTT, agus (ii) agus an cheannghnóthais idirmheánaigh agus an mháthairghnóthais deiridh, i gcás inarb infheidhme;
 - d) cairt de struchtúr caipitiúil an mháthairghnóthais deiridh, ina n-aithnítear na scairshealbhóirí rialaitheacha díreacha agus an t-úinéir (nó na húinéirí) tairbhiúla deiridh. I gcás ina bhfuil fochuideachta nó BTT amháin nó níos mó ag TCG san Aontas Eorpach ar eintitis earnála airgeadais iad, faisnéis faoin mBallstát ina bhfuil siad údaraithe agus ainm an údarais ábhartha nó, i gcás ina bhfuil an t-iarratas ar údarú ar feitheamh, léiriú ar an údarás inniúil a láimhseálann an t-iarratas sin agus na daoine teagmhála ábhartha laistigh den údarás inniúil sin;
 - e) ráitis airgeadais iniúchta na 3 bliana is deireanaí de chuid an cheannghnóthais, ar bhonn aonair agus, i gcás inarb infheidhme, ar bhonn comhdhlúite, lena n-áirítear nóta achoimre a chuireann síos ar oibríochtaí an cheannghnóthais nó a ghrúpa;
 - f) i gcás ina bhforáiltear sa chlár oibríochtaí go nglacfaidh an BTT le taiscí, gealltanais an cheannghnóthais is iarratasóir comhalta a dhéanamh den BTT, is é sin comhalta de scéim ráthaithe taiscí an Bhallstáit ina ndéantar an t-iarratas⁵.
 - g) ráiteas ó údarás inniúil tríú tír nó ó údarais inniúla tríú tír an cheannghnóthais is iarratasóir, agus i gcás inarb infheidhme, ón gceannghnóthas idirmheánach agus ón máthairghnóthas deiridh de réir bhrí Airteagal 47(2), pointe (b) CRD, nach bhfuil aon fhoras ann le cur in aghaidh bhunú an BTT. Ba cheart go gcumhdófaí i ráiteas/ráitis den sórt sin dea-sheasamh na gceannghnóthas ábhartha go léir maidir le comhlíontacht an cheannghnóthais/na gceannghnóthas sin ar bhonn aonair agus ar bhonn comhdhlúite de réir mar is infheidhme faoi dhlí tríú tír, leis na ceanglais stuamachta is infheidhme i ndlí agus rialáil tríú tír (go háirithe, cistí dílse, ceanglais cistí dílse, CCL, CGCC, ceanglas cóimheasa luamhánaíthe), agus leordhóthanacht na struchtúr eagraíochtúil, riaracháin agus cuntasáíochta.

⁵ Chun teacht le hAirteagal 15 de Threoir 2014/49/AE maidir le scéimeanna ráthaithe taiscí, mar a leasaíodh le pointe (16) d'Airteagal 1 de Threoir 2026/804/AE an 30 Márta 2026, IO L, 20.4.2026, lch. 1. .

Ba cheart go gcumhdófaí sa ráiteas gan cur in aghaidh freisin dea-cháil na gceannghnóthas ábhartha go léir agus chomhaltaí a gcomhlachtaí bainistíochta faoi seach atá i bhfeidhm bhainistíochta, chomh maith leis na scairshealbhóirí rialaithe agus na húinéirí tairbhiúla deiridh. Sn ráiteas gan cur in aghaidh ón údarás inniúil nó ó na húdaráis inniúla tríú tír, ba cheart breithniú a dhéanamh ar aon sárú dlí nó rialacháin atá ábhartha do chreat stuamachta an tríú tír ábhartha, amhail sárú ar rialacháin stuamachta, dócmhainneacht, coireanna tráchtála, sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, a tharla le 10 mbliana anuas nó le tréimhse níos giorra eile de réir mar is infheidhme faoi dhlí stuamachta tríú tír, lena n-áirítear faoi nós imeachta nó imscrúdú atá ar feitheamh. Nuair is ábhartha, ba cheart faisnéis a shonrú sa ráiteas gan cur in aghaidh maidir le ciontuíthe i ndlí coiriúil, i ndlí airgeadais, i sciúradh airgid, i ndócmhainneacht nó i ndlí tráchtála nár cuireadh ar ceal, agus faoi imscrúduithe coiriúla, nósanna imeachta nó imeachtaí nó imscrúduithe comhchosúla atá ar feitheamh.

- h) Nuair a chuireann an t-údarás inniúil tríú tír go díreach chuig an iarratasóir é, ba cheart go mbeadh an ráiteas sin maidir le gan cur in aghaidh san iarratas. Nó, mar mhalairt air sin, ba cheart don údarás inniúil dul i gcomhairle leis an údarás inniúil tríú tír i gcomhréir le Cuid III de na Treoirlínte seo.
 - i) Tuairim dhlíthiúil réasúnaithe ó thríú páirtí maidir le heaspa bacainní i gcreat an tríú tír is infheidhme maidir leis an gceannghnóthas is iarratasóir, an ceannghnóthas idirmheánach agus an máthairghnóthas deiridh, de réir mar is infheidhme, a chuireann cosc ar chumas an BTT reachtaíocht agus rialacháin an Aontais agus reachtaíocht agus rialacháin stuamachta a chomhlíonadh.
3. Ba cheart a léiriú san iarratas, bunaithe ar na critéir atá leagtha amach in Airteagal 48a(1) agus (2) de CRD, lena n-áirítear na coinníollacha chun a bheith ina BTT cáilitheach de réir Airteagal 48b(1) de CRD, an aicmeofar an BTT atá beartaithe mar BTT de chatagóir 1 nó de chatagóir 2. Chuige sin, ba cheart go mbeadh san iarratas an fhaisnéis uile is gá chun é a chur ar chumas an údaráis inniúil athbhreithniú a dhéanamh ar aicmiú an BTT atá beartaithe agus é a mheas.

2. Clár oibríochtaí an BTT: plean gnó

4. Ba cheart plean gnó a bheith san iarratas le haghaidh na 3 bliana i ndiaidh rochtain a fháil ar mhargadh an BTT ar dheonú na húdaraithe, agus míniú ar a inmhathanacht tosaigh agus ar a inbhuanaitheacht leanúnach ar bhonn buncháis agus ar bhonn cás struis don tréimhse chéanna ag gabháil leis. Ba cheart toimhdí bunúsacha a bheith inchreidte agus réalaíoch agus a bheith ag brath ar réamhaisnéisí maicreacnamaíocha oifigiúla arna mionsaothrú ag institiúid de chuid an Aontais nó ag institiúid náisiúnta phoiblí. Ba cheart an fhaisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil seo a leanas a bheith i bplean gnó an BTT:
- a) áit bhunaithe agus seoladh an BTT atá beartaithe;
 - b) réasúnaíocht ghnó agus straitéis ghnó an cheannghnóthais is iarratasóir chun an BTT a bhunú agus comhsheasmhacht an mhéid sin lena phlean gnó;
 - c) liosta de na gníomhaíochtaí atá beartaithe, lena n-áirítear cur síos ar na seirbhísí baincéireachta bunúsacha, ar aon seirbhís airgeadais eile a dteastaíonn ceadúnas ina leith faoin dlí náisiúnta agus ar ghníomhaíochtaí neamhairgeadais a bhfuil sé ar intinn ag an BTT iad a chur i gcrích, agus na rioscaí gaolmhara, chomh maith leis na sprioc-chustaiméirí;

- d) mar chuid den phlean gnó, réamhaisnéisí airgeadais lena n-áirítear pleananna cuntasáíochta réamhaisnéise, tuarascálacha bliantúla réamhaisnéise, ráitis airgeadais réamhaisnéise (is iad sin an clár comhardaithe, na cuntais bhrabúis agus chaillteanais nó na ráitis ioncaim agus, i gcás ina mbeidh fáil orthu, na ráitis sreafa airgid);
- e) ríomh réamhaisnéise ar aon cheanglas stuamachta arna fhorchur ag an dlí náisiúnta;
- f) dáta measta tosaithe le haghaidh ghníomhaíochtaí gnó an BTT.

3. Clár oibríochtaí: rialachas inmheánach agus bainistíocht riosca an BTT

- 5. Maidir le rialachas inmheánach agus rialuithe inmheánacha an BTT, ba cheart go n-áireofaí san iarratas an fhaisnéis seo a leanas:

- a) cairt de struchtúr eagraíochtúil beartaithe an BTT, agus mínithe ábhartha ag gabháil leis;
- b) céannacht gach duine den bheirt ar a laghad a stiúrfaidh an BTT go héifeachtach nó, i gcás inarb infheidhme, gach comhalta den choiste bainistíochta áitiúil agus an fhaisnéis don mheasúnú oiriúnachta gaolmhar i gcomhréir le hAirteagal 91 de CRD, mar a shonraítear i gcaighdeán teicniúil rialála ÚBE maidir le faisnéis agus doiciméadú chun measúnú oiriúnachta chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta a dhéanamh faoi airteagal 91 de CRD⁶, rud a mbeidh feidhm aige *mutatis mutandis* agus i gcomhréir le hAirteagal 48g(1) de CRD;
Ba cheart go mbeadh san iarratas torthaí an mheasúnaithe inmheánaigh oiriúnachta is déanaí a rinne an ceannghnóthas is iarratasóir ar bheirt daoine ar a laghad a stiúrann an BTT go héifeachtach, nó, i gcás inarb infheidhme, ar chomhaltaí an choiste bainistíochta áitiúil;
- c) i gcás ina bhfuil sé ar fáil, measúnú oiriúnachta inmheánach shealbhóirí príomhfheidhme an BTT atá beartaithe agus, i gcás inarb infheidhme de réir an dlí náisiúnta, an fhaisnéis tacaíochta do mheasúnú oiriúnachta an údaráis inniúil;
- d) cur síos ar leithdháileadh na ndualgas idir an bheirt ar a laghad de dhaoine a stiúrann an BTT go héifeachtach agus, i gcás inarb infheidhme, i measc chomhaltaí an choiste bhainistíochta áitiúla;
- e) beartais agus nósanna imeachta lena rialaítear na feidhmeanna rialaithe inmheánaigh, i.e. bainistíocht riosca, comhlíonadh agus iniúchadh inmheánach;
- f) cur síos ar na línte tuairiscithe idir na feidhmeanna rialaithe inmheánaigh agus na daoine a stiúrann ghnó an BTT go héifeachtach agus, más infheidhme, an coiste bainistíochta áitiúil chomh maith le comhlacht bainistíochta an cheannghnóthais.
- g) i gcás inarb infheidhme, cóip de na rialacha nós imeachta don choiste bainistíochta áitiúil;
- h) léargas ar bheartas riosca creidmheasa an BTT agus, i gcás inarb infheidhme, ar rialacha nós imeachta an choiste riosca creidmheasa;
- i) léargas ar bheartas luacha saothair an BTT;
- j) tuairisc ar an straitéis TFC, lena n-áirítear creat bainistíochta riosca TFC a chomhlíonann Rialachán (AE) 2022/2554 (Rialachán maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais)⁷;

⁶ Tá an Páipéar Comhairliúcháin ar fáil ag <https://www.eba.europa.eu/publications-and-media/press-releases/eba-and-esma-launch-consultation-revised-suitability-assessment-framework-banks-and-investment-firms>

⁷ Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (CE)

- k) cur síos ar na socruithe tríú páirtí a thacaíonn le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha;
- l) sonraí na socruithe inmheánacha faoina ndéanann an ceannghnóthas feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha an BTT a chomhlíonadh;
- m) léargas ar an bplean leanúnachais gnó, agus faisnéis maidir le cumhdach an BTT faoi phlean téarnaimh na gceannghnóthais is iarratasóir (na gceannghnóthas is iarratasóirí).

4. Clár oibríochtaí: faisnéis maidir le ceanglais SA/MSC

6. Chun a chinneadh an bhfuil forais réasúnta ann le hamhras a bheith ann go n-úsáidfí an BTT chun gníomhaíocht um sciúradh airgid/maoiniú sceimhlitheoireachta a dhéanamh nó chun gníomhaíochtaí den sórt sin a éascú, ba cheart go n-áireofaí san iarratas an méid seo a leanas:
 - a) céannacht an duine atá freagrach as comhlíontacht an BTT leis na ceanglais SA/MSC sa Bhallstát ina n-iarrann sé údarú;
 - b) measúnú riosca sciúrtha airgid/maoinithe sceimhlitheoireachta uile-ghnó ar an BTT, agus aird á tabhairt ar na fachtóirí riosca intuigthe a bhaineann le cineál agus saintréithe a bhonn sprioc-chustaiméirí, na táirgí agus na seirbhísí a chuirtear ar fáil agus na bealaí dáileacháin a úsáidtear;
 - c) cur síos ar shocruithe rialachais an BTT agus ar na hacmhainní atá tiomnaithe dá fheidhm chomhlíonta SA/MSC agus measúnú an iarratasóra ar leordhóthanacht na socruithe agus na n-acmhainní sin i bhfianaise na rioscaí bunúsacha sciúrtha airgid/maoinithe sceimhlitheoireachta a mbeidh an BTT neamhchosanta orthu;
 - d) cur síos ar na córais agus na rialuithe inmheánacha a bhaineann le SA/MSC atá beartaithe, agus ar an gcaoi a bhfreagraíonn siad do na rioscaí sciúrtha airgid/maoinithe sceimhlitheoireachta a sainaithníodh sa mheasúnú riosca sciúrtha airgid/maoinithe sceimhlitheoireachta a luadh thuas;
 - e) cur síos ar bhunús na n-acmhainní a chomhdhéanann an dearlaic chaipitil, agus ar an gcainéal a úsáideadh chun na hionstraimí a bheidh mar chuid den dearlaic chaipitil a aistriú.

5. Dearlaic chaipitil

7. Ba cheart go mbeadh san iarratas faisnéis faoin gceanglas maidir le dearlaic chaipitil, lena n-áirítear an méid seo a leanas:
 - a) cinneadh réamhaisnéise an cheanglais maidir le dearlaic chaipitil, ag brath ar na réamhaisnéisí airgeadais atá san áireamh sa phlean gnó, bunaithe ar aicme bheartaithe an BTT, i gcomhréir le hAirteagal 48e de CRD;
 - b) liosta de na hionstraimí atá beartaithe lena gcomhdhéanfar an dearlaic chaipitil tráth a chuirtear isteach an t-iarratas ar údarú agus ráiteas go gcomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar síos i dTreoirlínte ÚBE maidir leis na hionstraimí a chomhlíonann na ceanglais maidir le dearlaic chaipitil⁸.
 - c) cóip de chonradh an chuntais eascró le hinstiúid atá bunaithe sa Bhallstát ina bhfuil an t-údarú don BTT á lorg, nach cuid de ghrúpa a cheannghnóthais é, nó i gcás ina gceadaítear é faoin dlí náisiúnta, le banc ceannais an Bhallstáit sin;

Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (IO L 333, 27.12.2022, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2554/oj>)

⁸ Le fáil ag [Treoirlínte maidir le ceanglas brainsí tríú tír maidir le dearlaic chaipitil | Údarás Baincéireachta na hEorpa](#)

- d) fianaise go bhfuil an dearlaic chaipitil taiscthe i gcuntas eascró, nó mura bhfuil sí taiscthe go hiomlán fós tráth a cuireadh isteach an t-iarratas ar údarú, léiriú ar an amlíne le haghaidh an taiscthe sin sula mbeidh an t-údarú chun tús a chur leis an ngníomhaíocht mar BTT éifeachtach i gcomhréir leis an dlí náisiúnta;
- e) tuairisc ar shocruithe, straitéisí, próisis agus sásraí chun an ceanglas maidir le dearlaic chaipitil a chomhlíonadh ar bhonn leanúnach.

6. Ceanglais maidir le leachtacht

- 8. Ba cheart go n-áireofaí san iarratas an fhaisnéis seo a leanas maidir leis na ceanglais leachtachta:
 - a) cinneadh réamhaisnéise an cheanglais leachtachta atá ag brath ar na réamhaisnéisí airgeadais atá san áireamh sa phlean gnó;
 - b) an straitéis chistiúcháin agus pleanáil leachtachta;
 - c) tuairisc ar fhoinsí maoinithe beartaithe an BTT, lena n-áirítear aon socrú cistithe inghrúpa laistigh de theorainneacha na heisceachta atá leagtha amach in Airteagal 48c, pointe (d), de CRD.
 - d) dearbhú go bhfuil na sócmhainní leachtacha atá ceaptha chun na ceanglais leachtachta a chomhlíonadh neamhualaithe, agus nach ndéantar na sócmhainní a chomhlíonann an ceanglas leachtachta a áireamh i dtreo an cheanglais maidir le dearlaic chaipitil.
 - e) fianaise go bhfuil na sócmhainní leachtacha taiscthe i gcuntas i gcomhréir le hAirteagal 48f CRD nó, i gcás nach bhfuil na sócmhainní leachtacha taiscthe go páirteach nó ina n-iomláine tráth a chuirtear an t-iarratas isteach, léiriú ar an amlíne chun na sócmhainní leachtacha sin a thaisceadh sula mbeidh an t-údarú chun tús a chur leis an ngníomhaíocht mar bhrainse tríú tír i bhfeidhm i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.
 - f) tuairisc ar na socruithe rialachais leachtachta lena léirítear an cumas an leachtacht a bhainistiú sa bhunchás agus an ullmhacht agus an cumas chun cásanna struis a sheasamh, lena n-áirítear: an cumas na ceanglais leachtachta infheidhme a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 48f(1) agus (2) de CRD, chomh maith le léargas ar an gcreatlach rialuithe inmheánacha leachtachta.

7. Clár na n-oibríochtaí: faisnéis faoi na socruithe clárúcháin

- 9. Maidir le ceanglais chlárúcháin an BTT, ba cheart go n-áireofaí san fhaisnéis atá le soláthar don údarú:
 - a) na beartais ábhartha maille le cur síos ar na próisis agus na nósanna imeachta a bhunaítear chun an leabhar clárúcháin a choinneáil ar bun agus chun na sócmhainní agus na dliteanais uile arna gclárú nó arna dtionscnamh ag an BTT, chomh maith le hítimí atá lasmuigh den chlár comhardaithe, dá dtagraítear in Airteagal 48h(1) de CRD;
 - b) an beartas maidir le socruithe clárúcháin chun an leabhar clárúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48h(2) de CRD a bhainistiú. Ba cheart réasúnaíocht shoiléir leis na socruithe clárúcháin a sholáthar sa bheartas, lena n-áirítear idirbhearta cistúcháin inghrúpa pleanáilte, socruithe fálaíthe nó aistrithe eile rioscaí, agus ba cheart a leagan amach sa bheartas an chaoi a n-ailíníonn na socruithe sin le straitéis ghnó agus bainistíochta riosca an BTT;
 - c) fianaise ar fhormheas an bheartais maidir le socruithe clárúcháin ag comhlacht rialaithe an cheannghnóthais.

8. Díolúine ó chur isteach faisnéise

10. I gcás inar chuir an ceannghnóthas is iarratasóir iarratas faoi bhráid údaráis inniúil de chuid Ballstáit chun údarú a fháil chun BTT a bhunú, féadfar an t-iarratasóir sin a dhíolmhú ón bhfaisnéis agus na doiciméid atá liostaithe i gCuid I, Roinn 1 maidir leis an gceannghnóthas is iarratasóir, an gnóthas idirmheánach agus an máthairghnóthas deiridh, agus a ghrúpa a chur isteach, ar an gcoinníoll go bhfuil an fhaisnéis a shonraítear iontaofa agus go gcomhlíontar na cúinsí thíos:
 - a) go gcuireann an ceannghnóthas is iarratasóir, nó an ceannghnóthas idirmheánach nó an máthairghnóthas deiridh faoi seach, dearbhú isteach nach bhfuil athrú ábhartha tagtha ar an bhfaisnéis ábhartha léirithe atá liostaithe i gCuid I, Ranna 1 ón iarratas roimhe seo agus go bhfuil sí fós fíor, cruinn agus cothrom le dáta. Ba cheart a léiriú sa dearbhú an t-údarás inniúil a bhfuil an fhaisnéis ábhartha aige, na tagairtí agus dáta na nósanna imeachta údaraithe dearfacha a bhí ann roimhe sin;
 - b) go bhfuil an fhaisnéis i dteanga an Bhallstáit inar cuireadh an t-iarratas reatha ar údarú isteach, nó i mBéarla;
 - c) go mbeidh an fhaisnéis ag an údarás inniúil i ndiaidh a iarrata fhoirmiúil ar údarás inniúil an Bhallstáit eile agus i ndiaidh don Bhallstát sin í a tharchur, mar aon le sonrú an nós imeachta údarúcháin inar chuir an ceannghnóthas is iarratasóir an fhaisnéis ábhartha isteach agus an bhfuil sé ar feitheamh nó an bhfuil sé curtha i gcrích;
 - d) go bhfuil malartú faisnéise ag comhlíonadh na gceanglas infheidhme maidir le cosaint sonraí.
11. Níor cheart go gcuirfeadh an fhaisnéis a fhaightear ó údaráis inniúla eile isteach ar chumhacht an údaráis inniúil soiléirithe a iarraidh, lena n-áirítear faisnéis bhreise, ar an gceannghnóthas is iarratasóir, ar an ngnóthas idirmheánach nó ar an máthairghnóthas deiridh faoi seach, nó a iarraidh go gcuirfí na doiciméid isteach nuair nach measann sé go bhfuil siad iontaofa ar chúis ar bith.

Cuid II: Modheolaíocht mheasúnaithe

1. Prionsabail ghinearálta

12. Ba cheart do na húdaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis agus ar na doiciméid a cuireadh isteach leis an iarratas de bhun Chuid I de na Treoirlínte seo, agus aird á tabhairt gur cheart dóibh a bheith fíor, cruinn, iomlán agus cothrom le dáta.
13. Ba cheart d'údarás inniúla an t-iarratas a athbhreithniú freisin chun a mheas an dtiocfaidh aicmiú sonraithe an BTT faoi chatagóir 1 nó faoi chatagóir 2, bunaithe ar na critéir atá leagtha amach in Airteagal 48a(1) agus (2) de CRD. Beidh tionchar ag an measúnú sin, mar aon le samhail ghnó agus struchtúr eagraíochtúil an BTT atá beartaithe, ar chalabhrú dhéine an mheasúnaithe ar an iarratas freisin.
14. Ní féidir an t-údarú a thabhairt ach amháin nuair a mheasann an t-údarás inniúil, tar éis dó athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis agus ar na doiciméid go léir a cuireadh isteach leis an iarratas agus ar aon fhaisnéis ábhartha eile, lena n-áirítear an fhaisnéis a fuarthas ó údarás inniúla nó ó údarás eile, go gcomhlíonann an BTT atá beartaithe na coinníollacha go léir maidir le húdarú atá leagtha amach in Airteagal 48c(4) de CRD mar a shonraítear sna Treoirlínte seo.

2. Athbhreithniú ar an bhfaisnéis agus ar na doiciméid maidir le ceannghnóthas is iarratasóir agus a ghrúpa

15. Ba cheart d'údarás inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis agus ar na doiciméid a bhaineann leis an gceannghnóthas is iarratasóir d'fhonn a sheiceáil ar cuireadh an t-údarás inniúil tríú tír nó na húdaráis inniúla tríú tír ar an eolas go cuí faoin bplean BTT a bhunú sa Bhallstát agus an bhfuil aon fhorchoimeádas curtha in iúl aige.
16. Chun na críche sin, ba cheart do na húdaráis inniúla na bearta is gá a dhéanamh chun tuiscint iomlán a fháil ar an ráiteas gan cur in aghaidh ón údarás inniúil tríú tír a cuireadh isteach san iarratas, nó chun ráiteas gan cur in aghaidh bhunú an BTT a fháil go díreach ón údarás inniúil tríú tír mar a leagtar síos i gCuid III. Tá saorchead fós ag údarás inniúla teacht ar chonclúid nach ionann í agus an dearbhú ón údarás inniúil tríú tír, agus measúnú foriomlán an iarratais á chur san áireamh freisin.
17. Ba cheart go mbeadh údarás inniúla in ann teacht ar an eolas riachtanach go léir maidir leis an gceannghnóthas is iarratasóir, an ceannghnóthas idirmheánach agus an máthairghnóthas deiridh ó na húdaráis mhaoirseachta a bhaineann leis an gceannghnóthas sin, agus a chuid gníomhaíochtaí maoirseachta a chomhordú go héifeachtach le gníomhaíochtaí na n-údarás maoirseachta tríú tír.

Chun a mheas nach dtarlaíonn aon cheann de na cúinsí atá leagtha amach in Airteagal 48d(1), pointe (b) de CRD i gcás an cheannghnóthais is iarratasóir, an ghnóthais idirmheánaigh agus an mháthairghnóthais deiridh de réir mar is infheidhme, ba cheart d'údarás inniúla go háirithe a chinntiú, bunaithe ar athbhreithniú ar an iarratas:

- (a) go mbeidh na ceannghnóthais in ann oibríochtaí an BTT a mhaoiniú agus struchtúr airgeadais fóna a choinneáil ar bun.

- (b) nach bhfuil aon fhoras réasúnach ann chun teacht ar an gconclúid gur dócha go mbeidh deacrachtaí airgeadais ag an gceannghnóthas agus go sáróidh sé na ceanglais stuamachta is infheidhme laistigh den 12 mhí ina dhiaidh sin.

- 18. Ba cheart d'údaráis inniúla a chinntiú nach bhfuil aon bhac dlíthiúil ar an BTT reachtaíocht an Aontais agus an reachtaíocht náisiúnta a chomhlíonadh, bunaithe ar an tuairim dhlíthiúil a cuireadh isteach mar chuid den iarratas.

3. Measúnú ar chlár na n-oibríochtaí

- 19. Ba cheart do na húdaráis inniúla athbhreithniú cáilíochtúil a dhéanamh ar an bplean gnó, chun forléargas a fháil ar na gníomhaíochtaí go léir a dhéanfaidh an BTT atá beartaithe, go háirithe na croisheirbhísí baincéireachta de réir Airteagal 47(1) de CRD, na gníomhaíochtaí a chumhdaítear le húdarú faoin dlí náisiúnta agus iad siúd nach gá a údarú faoin dlí náisiúnta.
- 20. Ba cheart d'údaráis inniúla a fhíorú nach bhfuil na gníomhaíochtaí atá beartaithe dírithe ach ar chliaint laistigh den Bhallstát inar cuireadh isteach an t-iarratas ar údarú agus nach bhfuil gníomhaíochtaí trasteorann beartaithe sa straitéis ghnó. Ba cheart aon idirghníomhaíocht idir gníomhaíochtaí beartaithe an BTT atá beartaithe agus BTTanna eile, fochuideachtaí eile nó brainsí eile den BTT céanna atá bunaithe san Aontas Eoprach a shainaithint freisin.
- 21. Ba cheart d'údaráis inniúla na línte gnó neamhlárnacha agus lárnacha, tíopeolaíocht sprioc-chustaiméirí, agus an réasúnaíocht ghnó agus airgeadais a bhaineann leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe a shainaithint, agus aird á tabhairt freisin ar straitéis fhoriomlán an cheannghnóthais is iarratasóir agus staitéis fhoriomlán an TCG. Ba cheart aird a thabhairt ar chuspóirí cainníochtúla agus cáilíochtúla an phlean gnó, lena n-áirítear seirbhísí nó táirgí an BTT atá beartaithe, an tairiscint luacha agus a suíomh ar an margadh. Chuige sin, ba cheart d'údaráis inniúla na tosca ábhartha seachtracha agus inmheánacha a chur san áireamh, agus inchreidteacht na dtoimhdí cainníochtúla atá mar bhonn agus taca leis, chomh maith le láidreachtaí agus laigí an straitéise gnó, agus aon bhuntáiste iomaíoch a bhaineann leis an BTT.
- 22. Maidir le príomhfachtóirí seachtracha agus leis an timpeallacht ghnó, ba cheart d'údaráis inniúla tuiscint leordhóthanach a fháil ar na sprioc-chustaiméirí agus ar dheighleog an spriocmhargaidh, ag féachaint do ghníomhaíochtaí na bpríomhghníomhaithe atá ann cheana agus na n-iomaitheoirí ionchasacha. Maidir le deighleog an spriocmhargaidh, ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar threochtaí margaidh atá ar fáil a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar fheidhmíocht agus ar bhrabúsacht an BTT atá beartaithe, mar shampla treochtaí rialála, macrastuamachta, teicneolaíochta, sóisialta nó déimeagrafacha.
- 23. Maidir leis na príomhfachtóirí inmheánacha, ba cheart d'údaráis inniúla tuiscint a fháil ar na spreagthóirí ratha agus ar na príomhspleáchais, trí anailís a dhéanamh, go háirithe, ar na láidreachtaí sa chaidreamh le custaiméirí, soláthraithe agus comhpháirtithe, ar an gcumas oibríochtúil agus acmhainní, chomh maith le fachtóirí amhail soláthraithe tríú páirtí, idirghabhálaithe agus cúiseanna rialála.
- 24. Ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar na réamhaisnéisí airgeadais chun measúnú a dhéanamh i dtaobh an gcomhfhreagraíonn siad don straitéis ghnó atá leagtha amach sa phlean gnó. Gan dochar don fhéidearthacht do BTTanna gníomhaíochtaí a sholáthar ar bhonn sirtheoireacht droim ar ais de réir Airteagal 48c(4), pointe (d), de CRD, ba cheart d'údaráis inniúla a fhíorú nach bhfuil na réamhaisnéisí airgeadais ag brath ar ghníomhaíochtaí trasteorann a bhfuil sé beartaithe iad a sholáthar ar bhonn sirtheoireacht droim ar ais.

25. Ba cheart don údarás inniúil athbhreithniú a dhéanamh freisin i dtaobh an bhfuil plean soiléir ann maidir leis an bplean gnó a chur chun feidhme agus a chur i gcrích, agus measúnú á dhéanamh aige ar chumas gairmiúil na bainistíochta áitiúla agus ar leordhóthanacht na n-acmhainní daonna agus oibríochtúla chun an straitéis ghnó a chur chun feidhme.
26. Chun na réamhaisnéisí airgeadais a mheas, ba cheart do na húdaráis inniúla ar a laghad:
- a) athbhreithniú cainníochtúil a dhéanamh ar an bplean gnó ar bhonn an bhuncháis agus ar bhonn an cháis struis d'fhonn measúnú a dhéanamh ar chumas an BTT atá beartaithe na torthaí réamh-mheasta a bhaint amach i gcomhréir leis na ceanglais stuamachta sa dá chás;
 - b) athbhreithniú a dhéanamh ar an míniú ar inmharthanacht tosaigh agus inbhuanaitheacht na samhla gnó thar thréimhse 3 bliana an phlean gnó;
 - c) maidir leis an gcás struis, ba cheart do na húdaráis inniúla an méid seo a leanas a dhearbhu, go háirithe: (i) tá na toimhdí eacnamaíocha agus gnó dian ach sochreidte; (ii) tá na bearta bainistíochta sainaitheanta leordhóthanach;
 - d) measúnú a dhéanamh ar na réamhaisnéisí airgeadais a léiríonn an straitéis ghnó spriocdhírthe maidir leis na gníomhaíochtaí, an gnó agus na línte táirgí bunaithe ar ranníocaíocht brabúis, agus scrúdú a dhéanamh ar chreidiúnacht na dtoimhdí cainníochtúla atá mar bhonn agus taca leo (e.g. ráta fáis, ioncam, costais, rioscaí, líon na gcustaiméirí, costais foirne, toimhdí maicreacnamaíocha etc.);
 - e) na príomhspreagthóirí agus príomhspleáchais a bhaineann le feidhmíocht an ghnó a shainiú, lena n-áirítear spleáchais an ghrúpa, amhail leithdháileadh gnólaigh, praghsáil aistrithe, ionsú costas agus leochaileachtaí féideartha;
 - f) athbhreithniú a dhéanamh ar phraghsáil agus ar struchtúr an táirge, agus aird a thabhairt, mar shampla, ar an spleáchas ar fhoinsí ioncaim a bhfuil go leor riosca ag baint leis, atá comhchruinnithe nó luaineach;
 - g) tuiscint a fháil ar na foinsí ioncaim éagsúla (e.g. ioncam atá bunaithe ar úis nó bunaithe ar ioncam ó tháillí), tionscnóirí ioncaim sonracha, príomhtháscairí feidhmíochta agus leibhéal riosca na línte gnó gaolmhara;
 - h) nuair is féidir agus is cuí, cinneadh a dhéanamh ar chomparáid piaraí ábhartha bunaithe ar tháirgí/línte gnó iomaíocha atá ag díriú ar an bhfoinse chéanna brabús/custaiméirí agus an anailís a bhunú ar shonraí maoirseachta, margaidh agus maicreacnamaíocha atá ag na údaráis inniúla;
 - i) nuair is ábhartha, measúnú a dhéanamh ar threochtaí agus ar chóimheasa brabúsachta a mheas, agus próifíl riosca ionchasach an BTT, chomh maith leis an bhfeidhmíocht choibhneasta i gcomparáid le comhghleacaithe, á gcur san áireamh. Chun tacú leis an measúnú sin, féadfaidh údaráis inniúla tagairt a dhéanamh do na táscairí brabúsachta agus riosca is coitianta, a léiríonn an cineál agus an leibhéal riosca a bhfuil coinne ag an BTT leis chun brabúis a ghiniúint;
 - j) nuair is cuí agus is comhréireach, miondealú a dhéanamh ar ioncaim / ar fhoinsí ioncaim chun a thuiscint an bhfuil na foinsí ionchais ag teacht le straitéis fhoriomlán an ghnó (cineál na samhla gnó, méid an ghnó);
 - k) athbhreithniú a dhéanamh ar an spriocstruchtúr costais (e.g. costais saothair, riaracháin nó TF) i ndearbhthearmaí, agus nuair is iomchuí agus nuair is féidir, curtha i gcomparáid le piaraí;
 - l) aird a thabhairt ar chomhchruinniú costais.
27. I measúnú an údaráis inniúil ar an bplean gnó, níor cheart breithniú a dhéanamh ar fhiúntas roghanna na bainistíochta, a fhanann laistigh de raon feidhme uathriail an cheannghnóthais is iarratasóir. Mar sin féin, féadfaidh an t-údarás inniúil a iarraidh ar an gceannghnóthas is

iarratasóir athruithe a ghlacadh ar phlean gnó an BTT, ar athruithe iad atá riachtanach chun comhlíonadh bainistíochta fóna agus stuama a chinntiú.

4. Measúnú ar chreat rialachais inmheánaigh agus bainistithe riosca an BTT

28. Ba cheart d'údaráis inniúla socruithe rialachais inmheánaigh an iarratasóra a mheas, bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn an t-iarratasóir, de réir cheanglais na caibidle ar BTTanna de na ceanglais de réir Airteagal 48g de Threoir 2013/36/AE mar a shonraítear i dTreoirlínte athbhreithnithe ÚBE ar rialachas inmheánach de réir Airteagal 74(3) agus Airteagal 48g(9) de Threoir 2013/36/AE⁹.
29. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na beirte ar a laghad a stiúránn go héifeachtach gnó an BTT nó, i gcás inarb infheidhme, comhaltaí an choiste bainistíochta áitiúil, i gcomhréir leis na ceanglais atá leagtha amach maidir le measúnú ar chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta faoi Airteagal 91 de CRD mar a shonraítear i dTreoirlínte Comhpháirteacha ÚBE agus ESMA maidir le measúnú ar oiriúnacht chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta i gcomhréir le hAirteagal 91(11) agus 91a(8)) de Threoir 2013/36/AE (CRD) agus Airteagal 9 de Threoir 2014/65/AE (MiFID II)¹⁰, rud a mbeidh feidhm aige *mutatis mutandis* agus i gcomhréir le hAirteagal 48g(1) de CRD. I gcás inarb infheidhme, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh freisin ar oiriúnacht an tsealbhóra/na sealbhóirí príomhfheidhme i gcomhréir leis na Treoirlínte Comhpháirteacha céanna ó ÚBE agus ESMA.
30. Mar chuid den athbhreithniú ar na socruithe rialachais inmheánaigh, ag féachaint go háirithe don chreat bainistíochta riosca, ba cheart d'údaráis inniúla a chinntiú go gcumhdaítear na rioscaí ábhartha go léir, lena n-áirítear rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann leis na hionstraimí lena gcomhdhéantar an dearlaic chaipitil agus iad siúd a chomhlíonann an ceanglas leachtachta. Ba cheart do na húdaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh freisin ar an eolas faoi shlándáil agus bainistíocht riosca TFC i gcomhréir le ceanglais DORA de réir mar is infheidhme.
31. Ba cheart d'údaráis inniúla a thabhairt dá n-aire, i gcás cleachtais chlárúcháin 'droim le droim' nó oibríochtaí inghrúpa – i gcás ina mbeartaítear iad – nach ndéanfar iad a phleanáil go pointe nach mbeidh feidhm ag cuspóir agus réasúnú láithreach an BTT sa Bhallstát ábhartha a thuilleadh, rud a d'fhágfadh nach mbeadh iontu ach 'sliogáin fholmha' a thagann timpeall ar cheanglais dhlíthiúla agus rialála. Ba cheart don mheastóireacht sin díriú freisin ar chomhsheasmhacht na gcleachtais sin le ceanglais bainistíochta riosca, agus ar mhéid an spleáchais ioncaim.
32. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh, i gcás inarbh ábhartha, ar shocruithe tríú páirtí an iarratasóra, lena n-áirítear socruithe inghrúpa, maidir le feidhmeanna tábhachtacha nó ríthábhachtacha a sholáthraíonn soláthraithe seirbhíse tríú páirtí, i gcomhréir le hAirteagal 74 de CRD agus leis na Treoirlínte gaolmhara ó ÚBE maidir le bainistíocht chuí riosca tríú páirtí¹¹.

⁹ Tá an páipéar comhairliúcháin ar fáil anseo: <https://www.eba.europa.eu/publications-and-media/press-releases/eba-consults-revised-guidelines-internal-governance>

¹⁰ Tá na páipéir chomhairliúcháin ar fáil ag <https://www.eba.europa.eu/publications-and-media/press-releases/eba-and-esma-launch-consultation-revised-suitability-assessment-framework-banks-and-investment-firms>

¹¹ Tá an páipéar comhairliúcháin ar fáil ag <https://www.eba.europa.eu/sites/default/files/2025-07/33a0ee15-9601-4c2b-828e->

5. Measúnú ar cheanglais SA/MSC is infheidhme maidir leis an BTT

33. Agus measúnú á dhéanamh i dtaobh an bhfuil forais réasúnta ann le hamhras a bheith ann go n-úsáidí an BTT chun gníomhaíocht um sciúradh airgid/maoiniú sceimhlitheoireachta a dhéanamh nó a éascú, ba cheart do na húdaráis inniúla ar a laghad:
 - a) ráiteas/ráitis ón údarás inniúil/ó na húdaráis inniúla tríú tír a chur san áireamh (de bhun phointe (g) de mhír (2) de Roinn 1 de Chuid I de na Treoirlínte seo) maidir le dea-cháil an cheannghnóthais is iarratasóir, an ghnóthais idirmheánaigh agus an mháthairghnóthais deiridh, a scairshealbhóirí rialaitheacha, a úinéirí tairbhiúla deiridh agus comhaltaí an chomhlachta bainistíochta atá i bhfeidhm bhainistíochta, go háirithe: (i) a suíomh geografach i dtíortha a mheasann FATF a bheith ardriosca agus neamh-chomhoibríoch nó nár chuir i bhfeidhm moltaí FATF sa réimse seo; agus (ii) a mbaint le sciúradh airgid, maoiniú sceimhlitheoireachta nó aon choir airgeadais eile, beag beann ar cé acu a ciontaíodh iad nó nár ciontaíodh iad;
 - b) measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht na gcóras agus na rialuithe inmheánacha atá molta ag an BTT agus na hacmhainní atá tiomnaithe d'fheidhm chomhlíonta SA/MSC an BTT, agus ar eolas agus scileanna na ndaoine a bheidh i gceannas ar chomhlíonadh SA/MSC an BTT.
34. Ba cheart do na húdaráis inniúla dul i gcomhairle leis an údarás inniúil SA/MSC i gcomhréir le hAirteagal 48(c)5 de CRD, agus ina dhiaidh sin measúnú a dhéanamh ar leibhéal an tionchair stuamachta a mheastar a bheidh ag na nithe seo a leanas:
 - a) eolas agus scileanna an duine atá freagrach as comhlíontacht an BTT leis na ceanglais SA/MSC sa Bhallstát inar cuireadh an t-iarratas ar údarú isteach. Ba cheart go gcuimhdófaí sa mheasúnú sin eolas leordhóthanach an duine ar dhlíthe agus rialacháin áitiúla lena rialaítear SA/MSC na mBallstát ina mbunófar an BTT;
 - b) an bhfuil measúnú riosca sciúrtha airgid/maoinithe sceimhlitheoireachta an BTT atá beartaithe inchreidte i bhfianaise mhéid an BTT, a shamhail ghnó agus a sprioc-chustaiméirí, agus an ngabhann sé go leordhóthanach na tosca riosca bunúsacha a bhaineann leis na sprioc-chustaiméirí, na táirgí agus na seirbhísí a chuirtear ar fáil, agus na bealaí dáileacháin a úsáidtear;
 - c) an leor na socruithe agus na hacmhainní atá tiomnaithe d'fheidhm chomhlíonta SA/MSC an BTT i bhfianaise leibhéal na rioscaí sciúrtha airgid/maoinithe sceimhlitheoireachta a shainaithnítear i measúnú riosca sciúrtha airgid/maoinithe sceimhlitheoireachta an BTT;
 - d) leordhóthanacht na mbeartas agus na nósanna imeachta a bhaineann le SA/MSC i gcórais agus i rialuithe inmheánacha an BTT. Ba cheart go ndíreofaí sa mheasúnú freisin ar an gcaoi a gcuirfeadh na príomhbheartais agus na príomhnósanna imeachta atá beartaithe ar chumas an BTT na rioscaí sciúrtha airgid/maoinithe sceimhlitheoireachta a shainaithnítear i measúnú riosca sciúrtha airgid/maoinithe sceimhlitheoireachta an BTT a mhaolú lá a rochtana ar an margadh.
35. Agus measúnú á dhéanamh ar na beartais agus na nósanna imeachta thuasluaite a bhaineann le SA/MSC, ba cheart d'údaráis inniúla cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh maidir leis an measúnú agus gach faisnéis a chuirtear isteach mar chuid den údarú a úsáid. Dá réir sin, ba cheart go gcomhlánófaí an fhaisnéis a chuirtear isteach don mheasúnú SA/MSC le faisnéis eile,

lena n-áirítear, an plean gnó, an fhaisnéis a chuirtear isteach maidir leis an rialachas inmheánach agus an bhainistíocht riosca, ach gan a bheith teoranta do na nithe sin.

6. Measúnú ar an gceanglas íosta maidir le dearlaic chaipitil

36. Ba cheart d'údaráis inniúla a chinntiú go mbeidh an dearlaic chaipitil sheasta íosta is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 48e(1), pointí (a) nó (b) CRD ag an BTT atá beartaithe tráth a údaraithe, ag brath ar cibé acu atá an BTT is iarratasóir aicmithe faoi aicme 1 nó aicme 2, bunaithe ar mheasúnú foriomlán an údaráis inniúil ar an iarratas i i leith na n-eilimintí atá liostaithe in Airteagal 48a(1) agus (2) de CRD. Ar aon dul leis sin, ba cheart go gcumhdófaí leis an dearlaic chaipitil íosta meán na ndliteanas réamh-mheasta don tréimhse ionchais 3 bliana den phlean gnó.
37. Ba cheart d'údaráis incháilitheacht na n-ionstraimí lena gcomhdhéantar an dearlaic chaipitil a dheimhniú, go háirithe go bhfuil siad ar fáil lena n-úsáid gan srian agus láithreach ag an BTT chun rioscaí nó caillteanais a chumhdach a luaithe a tharlaíonn na rioscaí nó na caillteanais sin agus go bhfuil siad oiriúnach lena dtaisceadh i gcuntas eascró de réir Airteagal 48e(3) de CRD, de réir na gceanglas atá leagtha amach in Airteagal 48e(2) de CRD agus le Treoirlínte ÚBE maidir leis na hionstraimí lena gcomhlíontar ceanglais don dearlaic chaipitil.
38. Chuige sin, ba cheart do na húdaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh freisin ar an dréachtchonradh/na dréachtchonarthaí chun na sócmhainní incháilithe a chur i dtaisce i gcuntas eascró i gcomhréir le hAirteagal 48e(3) de CRD. Go sonrach, ba cheart dóibh a fhíorú 'go bhfuil an cuntas eascró á choinneáil sa Bhallstát inar údaraíodh an brainse le hinstitiúid chreidmheasa nach bhfuil mar chuid de ghrúpa a cheannghnóthais nó, i gcás ina gceadaítear sin faoin dlí náisiúnta, le banc ceannais an Bhallstáit'. Ina theannta sin, agus na híoscheanglais oibríochtúla a leagtar amach i Treoirlínte ÚBE maidir leis na hionstraimí a chomhlíonann ceanglais maidir le dearlaic chaipitil á gcur san áireamh, ba cheart d'údaráis inniúla a mheas go n-áirithítear leis na forálacha conarthacha go gcomhlíontar an ceanglas íosta maidir le dearlaic chaipitil i gcónaí agus infhaighteacht na n-ionstraimí incháilithe sin i gcás réiteach nó foirceannadh an bhrainse tríú tír de réir Airteagal 48e(3) CRD.
39. Ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar bhunús dlíthiúil na n-ionstraimí agus go bhfuil socruithe leordhóthanacha i bhfeidhm chun a chinntiú go gcoinnítear iad ar leabhair an BTT.
40. Ba cheart d'údaráis inniúla a fhíorú go bhfuil na hionstraimí incháilithe a chomhlíonann an ceanglas maidir le dearlaic chaipitil taiscthe sa chuntas eascró ag an gceannghnóthas is iarratasóir. Sa chás nach bhfuil na hionstraimí incháilithe sin taiscthe go páirteach nó go hiomlán fós tráth a gcuirtear isteach an t-iarratas ar údarú, ba cheart d'údaráis inniúla a chinntiú go bhfuil gealltanas tugtha ag an gceannghnóthas is iarratasóir san iarratas ar údarú na n-ionstraimí incháilithe sin a chur i dtaisce ar a dhéanaí roimh an nóiméad a bheidh éifeacht ag an údarú chun BTT a bhunú, nuair a dheonaítear é, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

7. Measúnú ar an gceanglas leachtachta

41. Ba cheart d'údaráis inniúla léargas soiléir a fháil ar riachtanais chistiúcháin ghnó an BTT agus measúnú a dhéanamh ar an bpróifíl leachtachta bunaithe ar an bplean gnó, lena n-áirítear réamhaisnéisí airgeadais an BTT atá beartaithe.

42. Ba cheart go ndíreodh an t-athbhreithniú freisin ar an struchtúr dliteanais, ag féachaint do na foinsí éagsúla cistiúcháin - go háirithe aon ghealltanais ag an gceannghnóthas, na cineálacha dliteanais, ionstraimí agus contrapháirtithe -, na costais ghaolmhara agus a n-aibíochtaí.
43. Ba cheart d'údarais inniúla measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil na socruithe cistiúcháin inghrúpa trasteorann atá beartaithe laistigh de theorainneacha na heisceachta atá leagtha amach in Airteagal 48c(4), pointe (d) de CRD, agus nach gcuireann siad gníomhaíochtaí gnó trasteorann a sháraíonn raon feidhme críochach an údaráithe i bhfolach. Ba cheart, mar shampla, san athbhreithniú sin, breithniú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil sé beartaithe i gcomhaontuithe le BTTanna i mBallstáit eile – atá faoin gceannghnóthas céanna – cistiú laistigh den ghrúpa a sholáthar nó a fháil mar mhalairt ar chomhroinnt iomlán nó pháirteach na rioscaí agus na dtorthaí eacnamaíocha a bhaineann le sócmhainn ar leith.
44. Ba cheart d'údarais inniúla léargas soiléir a fháil ar an bpróifíl leachtachta agus ar an struchtúr dliteanais, chun na réamh-mheastacháin do na cóimheasa leachtachta rialála a mheas, agus ar chumas an BTT atá beartaithe ' méid sócmhainní neamhualaithe agus leachtacha a choimeád i gcónaí atá leordhóthanach chun eis-sreafaí leachtachta a chumhdach thar íostréimhse 30 lá' i gcomhréir le hAirteagal 48f(1) de CRD, le haghaidh thréimhse 3 bliana an phlean gnó. Chun na críche sin, ba cheart d'údarais inniúla aird a thabhairt freisin, i gcás inarb ábhartha, ar an méadú de réir a chéile ar ghníomhaíochtaí gnó agus ar chur chun feidhme an struchtúir cistiúcháin sa chéim bhunaithe.
45. I gcás ina ndéantar an BTT atá beartaithe a aicmiú laistigh d'aicme 1, bunaithe ar athbhreithniú na n-údarais inniúil ar an iarratas i gcomparáid leis na gnéithe atá liostaithe in Airteagal 48a(1) agus (2) de CRD, ba cheart do na húdarais inniúla an measúnú sin a dhéanamh maidir leis an gceanglas cumhdaigh leachtachta atá leagtha síos i gCuid a Sé, Teideal I, den Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus i Rialachán Tarmlichte (AE) 2015/61 ón gCoimisiún dá dtagraítear in Airteagal 48f(2) de CRD.
46. Maidir leis an struchtúr dliteanais, ba cheart do na húdarais inniúla na foinsí éagsúla cistiúcháin (cineálacha dliteanais, ionstraimí agus contrapháirtithe), na costais ghaolmhara agus a n-aibíochtaí a mheas.
47. Ba cheart d'údarais inniúla a fhíorú go bhfuil na sócmhainní chun na ceanglais leachtachta a chomhlíonadh neamhualaithe agus leachtach. Chuige sin, ba cheart dóibh cineál na sócmhainní, téarmaí agus coinníollacha na gcomhaontuithe a n-eascaíonn na sócmhainní astu, agus aon ghné ábhartha eile a chur san áireamh. Dá réir sin, ba cheart d'údarais inniúla a fhíorú nach gcuirtear na hionstraimí incháilithe ar cuid den dearlaic chaipitil iad agus atá curtha i dtaisce sa chuntas eascró san áireamh maidir leis an gceanglas leachtachta, toisc gur gá a mheas go bhfuil na hionstraimí ualaithe agus, dá bhrí sin, nach bhfuil siad ar fáil chun eis-sreafaí leachtachta na BTTanna a chomhlíonadh. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart d'údarais inniúla a chinntiú nach gcuirtear na sócmhainní a chomhlíonann an ceanglas leachtachta san áireamh i leith an cheanglais maidir le dearlaic chaipitil.
48. Ba cheart d'údarais inniúla a chinntiú go bhfuil na sócmhainní leachtacha curtha, nó go gcuirfear iad, i dtaisce le hinstitiúid creidmheasa atá lonnaithe sa Bhallstát ina ndéanfar an brainse a údarú nach bhfuil mar chuid de ghrúpa an cheannghnóthais, nó, i gcás ina gceadaítear sin faoin dlí náisiúnta, le banc ceannais an Bhallstáit, agus a chinntiú go bhfuil an cuntas a úsáidtear difriúil ón gcuntas ina gcuirtear na hionstraimí incháilithe chun an ceanglas maidir le dearlaic chaipitil a chomhlíonadh i dtaisce i gcuntas eascró, agus nach gceadaíonn socruithe an chuntais na sócmhainní leachtacha a ualú.

49. Faoi réir thoradh an mheasúnaithe i dtaobh an gcomhlíonfaidh an BTT atá beartaithe na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 48b(1) de CRD chun cáiliú mar BTT cáilitheach, féadfaidh údaráis inniúla an tarscaoileadh leachtachta atá leagtha amach in Airteagal 48f(4) de CRD a dheonú freisin tráth an údaraithe i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.
50. Go comhsheasmhach leis an gcomhréireacht, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar chumas agus ullmhacht an BTT atá beartaithe chun strus cistiúcháin a sheasamh, agus nuair is ábhartha, athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar an cháis strus cistiúcháin agus leachtachta a cuireadh isteach, amhail ardú costas cistiúcháin ar na cóimheasa leachtachta agus ar na réitigh atá beartaithe ag an gceannghnóthas is iarratasóir.
51. Chun measúnú a dhéanamh ar an ullmhacht fhoriomlán chun strus leachtachta a sheasamh, ba cheart don údarás inniúil athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a chuirtear isteach de réir Roinn 6 de Chuid I.

8. Measúnú ar shocruithe clárúcháin an BTT

52. Ba cheart d'údaráis inniúla a chinntiú go bhfuil próisis leordhóthanacha curtha i bhfeidhm ag an BTT chun leabhar clárúcháin a choinneáil ar bun a chuireann ar chumas an BTT taifead a dhéanamh ar a shócmhainní agus a dhliteanas go léir atá cláraithe nó tionscanta, agus ar a ítimí atá lasmuigh den chlár comhardaithe.
53. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht agus iomláine na mbeartas, na bpróiseas agus na nósanna imeachta arna mbunú chun leabhar clárúcháin a choinneáil agus ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil siad oiriúnach chun comhlíonadh na gceanglas a chuirtear ar fáil i gcaighdeán teicniúil rialála ÚBE maidir le socruithe clárúcháin¹².
54. Ba cheart d'údaráis inniúla a chinntiú go leagtar amach sa bheartas sin na straitéisí clárúcháin agus fáilithe do na cineálacha éagsúla idirbheart, chomh maith leis na nósanna imeachta, na rialuithe agus an creat rialachais gaolmhar.
55. Ba cheart d'údaráis inniúla a fhíorú go bhfuil na socruithe clárúcháin atá leagtha amach sa bheartas ailínithe le straitéis ghnó an BTT. Ba cheart a leagan amach go soiléir sa bheartas oibríochtaí inghrúpa a bhfuil coinne leo agus bainistiú na rioscaí a eascraíonn as na hoibríochtaí sin.
56. Maidir le socruithe 'droim le droim', ba cheart d'údaráis inniúla a fhíorú nach bhfuil sé beartaithe sa bheartas brath go córasach ná go substaintiúil ar straitéisí fáilithe 'droim le droim' ná ar aistrithe riosca inghrúpa.
57. Ba cheart d'údaráis inniúla a fhíorú go bhfuil an beartas formheasta ag comhlacht rialaithe an cheannghnóthais is iarratasóir.

¹² Ar fáil ag [Final Report on draft Regulatory Technical Standards on booking arrangements.pdf](#)

Cuid III Gnéithe nós imeachta

1. Próiseas

58. Chomh luath agus a fhaigheann siad iarratas ar údarú chun BTT a bhunú, ba cheart d'údaráis inniúla admháil fála a sheoladh chuig an gceannghnóthas is iarratasóir.
59. Ba cheart d'údaráis inniúla a chinntiú go bhfuil an fógra comhlánaithe leis an bhfaisnéis agus na doiciméid go léir atá liostaithe i gCuid I de na dréacht-Treoirlínte seo agus le haon fhaisnéis nó doiciméad eile a iarrtar faoin dlí náisiúnta. Chun na críche sin, ba cheart d'údaráis inniúla aon fhaisnéis nó doiciméad atá in easnamh a iarraidh.
60. Ar iarratas a mheasúnú ina iarratas comhlánaithe, tar éis an píosa deireanach faisnéise nó an doiciméad deireanach a fháil, ba cheart don údarás inniúil an ceannghnóthas is iarratasóir a chur ar an eolas go bhfuil an t-iarratas comhlánaithe, agus é a chur ar an eolas faoi dháta tosaigh agus dáta deiridh na tréimhse measúnaithe.
61. I gcás athruithe ar an bhfaisnéis a chuirtear isteach leis an iarratas, ba cheart don cheannghnóthas is iarratasóir an t-údarás inniúil a chur ar an eolas go pras agus an fhaisnéis nuashonraithe a chur isteach.
62. Ba cheart don údarás inniúil an ceannghnóthas is iarratasóir a chur ar an eolas faoi gharspriocanna ábhartha an nós imeachta measúnaithe, agus ba cheart dó a bheith in ann soiléirithe a iarraidh, lena n-áirítear faisnéis bhreise, maidir leis an iarratas a cuireadh isteach.
63. Ba cheart do na húdaráis inniúla an measúnú a chur i gcrích laistigh de 6 mhí ó thús na tréimhse measúnaithe nó in aon chás laistigh de 12 mhí ón tráth a bhfaightear an t-iarratas. Sa chomhthéacs sin, agus i gcomhréir le hAirteagal 117 de Threoir 2013/36/AE, ba cheart do na húdaráis inniúla comhoibriú le húdaráis inniúla eintiteas eile den ghrúpa céanna tríú tír atá faoi réir na Treorach sin.
64. Ba cheart d'údaráis inniúla dul i gcomhairle le húdarás inniúil tríú tír nó le húdaráis inniúla tríú tír atá freagrach as maoirseacht stuamachta an cheannghnóthais nó na gceannghnóthas agus faisnéis a mhalartú leo.
65. I gcás nach gcuireann an ceannghnóthas is iarratasóir an ráiteas gan cur in aghaidh ón údarás/ó na húdaráis inniúla tríú tír, atá leagtha amach i gCuid I, Alt 1, mír (2), pointe (g) de na Treoirlínte dréachta seo, isteach san iarratas de bharr cúiseanna cuí-réasúnaithe, ba cheart d'údaráis inniúla teagmháil a dhéanamh le húdarás tríú tír an cheannghnóthais is iarratasóir, an cheannghnóthais idirmheánaigh agus an mháthairghnóthais deiridh, de réir mar is infheidhme, chun deimhniú a fháil i scríbhinn nach bhfuil aon bhunús ann chun cur in aghaidh bhunú an BTT.
66. Ba cheart go ndéanfaí an chomhairliúchán idir údaráis inniúla agus údarás inniúil SA/MSA an Bhallstáit ina ndearnadh an t-iarratas ar bhunú an BTT a chur isteach (Airteagal 48c(5) de CRD), i gcomhréir le treoirlínte ÚBE maidir le comhar idir údaráis inniúla agus maoirseoirí AML/CFT agus AFAnna¹³.

¹³ https://eba.europa.eu/sites/default/files/document_library/Publications/Guidelines/2021/EBA-GL-2021-15%20GL%20on%20CFT%20cooperation/1025384/Final%20AML-CFT%20Cooperation%20Guidelines.pdf

67. I bhfianaise chastacht an iarratais de bharr na ndlíthe infheidhme éagsúla, moltar do cheannghnóthais is iarratasóirí teagmháil a dhéanamh leis an údarás inniúil sula gcuirtear an iarratas isteach.

Iarscríbhinn I

Dréacht-Litir chuig an údarás tríú tír maidir le comhlíontacht an cheannghnóthais agus/nó a ghrúpa le ceanglais stuamachta

Dáta:

Ó:

Ainm an údaráis inniúil

Roinn/Aonad

Seoladh:

Ainm an duine teagmhála:

Uimhir theileafóin:

Seoladh ríomhphoist:

CHUIG:

Ainm údarás inniúil tríú tír an cheannghnóthais is iarratasóir:

Roinn/Aonad

Seoladh:

Ainm an duine teagmhála

Uimhir theileafóin:

Seoladh ríomhphoist:

Maidir le: iarratas [ainm an cheannghnóthais is iarratasóir] chun brainse tríú tír a bhunú in [ainm an Bhallstáit]

A Dhuine Uasail:

Déanaimid teagmháil leat maidir leis an iarratas ar údarú chun brainse tríú tír a bhunú i [mBallstát] arna chur isteach ag [ainm an cheannghnóthais is iarratasóir] an [dáta a fhaightear an t-iarratas]

Chun críocha an mheasúnaithe ar an iarratas, iarraimid do dheimhniú, bunaithe ar staid stuamachta an cheannghnóthais is iarratasóir ar bhonn aonair/an cheannghnóthais idirmheánaigh ar bhonn fo-chomhdhlúite/an mháthairghnóthais deiridh ar bhonn comhdhlúite [roghnaigh an ceann cuí le do thoi] nach bhfuil aon fhoras agat chun cur in aghaidh bhunú an bhrainse tríú tír in [ainm an Bhallstáit] agus go mbeidh [ainm an cheannghnóthais is iarratasóir/an cheannghnóthais idirmheánaigh/an mháthairghnóthais deiridh - roghnaigh an ceann cuí] in ann na ceanglais stuamachta is infheidhme a chomhlíonadh ar feadh an 12 mhí ar a laghad tar éis eisiúint an údaráithe.

Ba cheart an ráiteas sin maidir le gan cur in aghaidh bhunú an bhraíne tríú tír a bheith bunaithe go háirithe ar an méid seo a leanas¹⁴:

- an chomhlíontacht le cistí dílse, ceanglais cistí dílse, CCL, CGCC agus an ceanglas cóimheasa luamhánaithe, de réir mar is infheidhme,
- leordhóthanacht na struchtúr eagraíochtúil, riaracháin agus cuntasáíochta, agus
 dea-cháil a) an cheannghnóthais is iarratasóir/an cheannghnóthais idirmheánaigh/an mháthairghnóthais deiridh - roghnaigh an ceann cuí [*roghnaigh an ceann is cuí le do thoil*],
 b) chomhaltaí a gcomhlachta bainistíochta faoi seach agus c) a scairshealbhóirí rialaitheacha agus a n-úinéirí tairbhiúla deiridh. Ba cheart go mbreithneofaí i measúnú den sórt sin aon sárú ar dhlíthe nó ar rialacháin atá ábhartha do chreat stuamachta do dhlínse amhail sárúithe ar rialacháin stuamachta, dócmhainneacht, coireanna tráchtála, ciontú nó rannpháirtíocht i sciúradh airgid agus i maoiniú sceimhlitheoireachta, a tharla le 10 mbliana anuas nó i dtréimhse níos giorra eile de réir mar is infheidhme faoi dhlí stuamachta tríú tír, lena n-áirítear faoi nós imeachta nó imscrúdú atá ar feitheamh. I gcás inarb ábhartha, ba cheart faisnéis shonrach a sholáthar maidir le haon chiontú, sárú dlíthe nó rialachán den sórt sin atá ábhartha do chreat stuamachta do dhlínse, chomh maith le haon nósanna imeachta, imscrúduithe nó gníomhaíochtaí atá ar feitheamh;
- an t-iarratas a cuireadh isteach a fuair tú ó [*ainm an cheannghnóthais*] an [*dáta*].

Mise le meas,

Céadainm agus sloinne

[*síniú*]

¹⁴ Sa chás gur gnóthas é an ceannghnóthas is iarratasóir agus nach institiúid creidmheasa é atá bunaithe i dtríú tír, ba cheart d'údarás an tríú tír na ceanglais shonraithe a chur san áireamh a mhéid is infheidhme maidir leis an gceannghnóthas is iarratasóir sa tríú tír.

Iarscríbhinn II
Litir aighneachta

Dáta:

Uimhir thagartha:

Ainm an cheannghnóthais is iarratasóir:

Seoladh:

(Sonraí teagmhála an teagmhálaí ainmnithe)

Ainm:

Teileafón:

Seoladh ríomhphoist:

Is iarratas é seo ar údarú chun brainse tríú tír a bhunú i gcomhréir le Treoir 2013/36/AE (an 'Treoir').

Deimhnímid go bhfuil an fhaisnéis arna cur ar fáil san iarratas seo fíor, cruinn, iomlán agus nach bhfuil sí míthreorach. Mura leagtar amach a mhalairt go sonrach, tá an fhaisnéis cothrom le dáta ar dháta an iarratais seo. I gcás ina gcuirtear faisnéis áirithe in iúl amhail is go bhfuiltear ag tagairt do dháta a bheidh ann amach anseo, leagtar amach go sonrach é sin san iarratas, agus cuirimid romhainn an t-údarás a chur ar an eolas i scríbhinn mura bhfuil aon fhaisnéis den sórt sin fíor, cruinn agus iomlán, nó má tá sí míthreorach ar an dáta a shonraítear san iarratas maidir leis an bhfaisnéis sin.

[Ainm an cheannghnóthais is iarratasóir]

Ó:

Céadainm agus sloinne:

Post

Iarscríbhinn III**Teimpléad le haghaidh iarratas a chur isteach**

(Tá sé i gceist leis na ceanglais liostaithe an fhaisnéis atá liostaithe i gCuid I de na Treoirlínte atá i réim a mhacasamhlú)

Tábla 1 Faisnéis faoin gceannghnóthas is iarratasóir, an ceannghnóthas idirmheánach agus an máthairghnóthas deiridh (an ceannghnóthas) de réir Roinn 1 de Chuid I de na Treoirlínte

1.1 Sainaithint an cheannghnóthais Líon isteach an roinn ar leith le haghaidh gach ceannghnóthais ábhartha	
Ainm dlíthiúil, foirm dhlíthiúil, dáta agus áit chorpraithe, suíomh gréasáin agus aon bhealach cumarsáide eile a úsáidtear, an cheannghnóthais is iarratasóir	
Tír agus seoladh na hoifige cláraithe, agus na ceanncheathrún riaracháin, murab ionann iad.	
Ainm an chláir phoiblí ina bhfuil an ceannghnóthas is iarratasóir cláraithe agus an uimhir chláraithe (más infheidhme)	
Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI) an cheannghnóthais is iarratasóir, más ann dó (i gcás ina bhfuil sé ar fáil)	
1.2 An duine teagmhála don iarratas laistigh den cheannghnóthas. Líon isteach an roinn ar leith le haghaidh gach ceannghnóthais ábhartha	
Ainm an cheannghnóthais:	
Teideal	
Ainm iomlán	
Post	
Uimhir theileafóin	
Uimhir mhóibíleach	
Seoladh ríomhphoist	
1.3 Príomhchomhairleoir gairmiúil an cheannghnóthais (i gcás inarb ábhartha agus inarb infheidhme). Líon isteach an roinn ar leith le haghaidh gach ceann de na ceannghnóthais ábhartha)	
Ainm an cheannghnóthais:	
Teideal	
Ainm iomlán	
Post	
Uimhir theileafóin	
Uimhir mhóibíleach	
Seoladh ríomhphoist	
1.4 Duine laistigh d'údarás inniúil an tríú tír atá i gceannas ar mhaoirseacht an cheannghnóthais nó, murab ionann iad, ar na gníomhaíochtaí ábhartha (líon isteach roinn ar leith den tábla le haghaidh gach duine ábhartha)	
Teideal	
Ainm iomlán	
Údarás agus aonad eagraíochtúil / ainm an cheannghnóthais ábhartha	
Post	
Uimhir theileafóin	

Uimhir mhóibíleach	
Seoladh ríomhphoist	
1.5 Faisnéis bhreise faoin gceannghnóthas is iarratasóir	
a) Deimhniú go bhfuil na croísheirbhísí baincéireachta a bhfuil údarú á lorg ag an gceannghnóthas is iarratasóir ina leith cumhdaithe ag an údarú sa tríú tír; nó b) i gcás nach bhfuil gníomhaíochtaí iasachtaithe nó soláthar ráthaíochtaí nó tiomantais faoi réir údarú sa tríú tír, deimhniú go gcothaíonn an ceannghnóthas a leithéid de chroísheirbhísí baincéireachta sa tríú tír agus go bhfuil sé faoi réir rialáil agus maoirseacht stuamachta i leith na ngníomhaíochtaí sin sa tríú tír.	
1.6 Tuairim dhlíthiúil réasúnaithe ó thríú páirtí maidir le heaspa bacainní i gcreat tríú tír an cheannghnóthais is iarratasóir, an cheannghnóthais idirmheánaigh agus an mháthairghnóthais deiridh, de réir mar is infheidhme, a chuireann cosc ar chumas an BTT reachtaíocht agus rialacháin an Aontais agus na mBallstát a chomhlíonadh	
1.7 Deimhniú gur thug an ceannghnóthas is iarratasóir fógra faoin iarratas agus faoi dhoiciméid ghaolmhara d'údarás inniúil an tríú tír	

2.1 Struchtúr an cheannghnóthais is iarratasóir agus a ghrúpa	
Sceideal corparáideach de ghrúpa an cheannghnóthais is iarratasóir, lena n-áirítear an ceannghnóthas idirmheánach agus an máthairghnóthas deiridh, agus limistéir gheografacha bunaithe agus gníomhaíochta na n-eintiteas atá ina gcuid den TCG. I gcás ina bhfuil fochuideachta amháin nó níos mó de chuid an Aontais Eorpaigh ag an BTT, ar eintitis earnála airgeadais iad nó ar BTTanna iad, nó i gcás ina bhfuil a n-údarú ar feitheamh, sonraí an Bhallstáit agus an údaráis ábhartha agus an duine teagmhála ábhartha. I gcás inarbh infheidhme, ba cheart don chairt aon oibríochtaí corparáideacha leanúnacha (e.g. cumaisc nó fáлтаis, bunú fochuideachtaí nua agus/nó brainse nua eile san Aontas Eorpach) a léiriú freisin, a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar staid stuamachta agus ar struchtúr eagraíochtúil an cheannghnóthais is iarratasóir.	
2.2 Céannacht na gcomhaltaí den chomhlacht bainistíochta atá i mbun feidhm bhainistíochta sa cheannghnóthas is iarratasóir, sa cheannghnóthas idirmheánach agus sa mháthairghnóthas deiridh, mar a shonraítear thíos. Maidir leis an gceannghnóthas is iarratasóir, sonraigh an comhalta den chomhlacht bainistíochta atá mar líne tuairiscithe an BTT atá beartaithe.	

Líon isteach cóip ar leith den chuid seo den tábla, le do thoil, do gach comhalta agus do gach ceannghnóthas is infheidhme.	
Ainm agus sloinne agus, murab ionann iad, ainm tráth breithe	
Ainm an cheannghnóthais	
Áit bhreithe agus dáta breithe	
Inscne	
Tír chónaithe agus seoladh	
Náisiúntacht	
Uimhir theileafóin	
Uimhir mhóibíleach	
Seoladh ríomhphoist	
Cóip de phas, de chárta aitheantais nó a chomhionann	
I gcás comhalta de chomhlacht bainistíochta an cheannghnóthais is iarratasóir, sonraigh an é an duine sin líne tuairiscithe an BTT atá beartaithe	Tá Níl
2.3 Cairt de struchtúr caipitil an cheannghnóthais is iarratasóir le sainaitheint na scairshealbhóirí rialaithe dhírigh agus an úinéara thairbhiúil/na n-úinéirí tairbhiúla deiridh	
2.4 Ráitis airgeadais iniúchta na 3 bliana dheireanacha de chuid an cheannghnóthais is iarratasóir, an cheannghnóthais idirmheánaigh agus an mháthairghnóthais deiridh, ar bhonn aonair agus, i gcás inarb infheidhme, ar bhonn comhdhlúite, lena n-áirítear nóta achoimre a chuireann síos ar oibríochtaí an cheannghnóthais/na gceannghnóthas nó a ghrúpa	
2.5 I gcás ina soláthraítear go díreach don cheannghnóthas is iarratasóir é, ráiteas gan cur in aghaidh bhunú an BTT arna eisiúint ag údarás inniúil tríú tír an cheannghnóthais is iarratasóir, an cheannghnóthais idirmheánaigh agus an mháthairghnóthais deiridh, de réir mar is infheidhme, lena gcumhdaítear na heilimintí stuamachta go léir a bhaineann leis an dea-sheasamh chomh maith leis na heilimintí a bhaineann leis an gcáil, atá liostaithe i gCuid I, Roinn 1, pointe (g) de mhír (2) de na Treoirlínte	

Tábla 3: Clár oibríochtaí an BTT: plean gnó de réir Roinn 2 de Chuid I de na dréacht-Treoirlínte

3.1 Ba cheart go mbeadh san iarratas an fhaisnéis ábhartha go léir chun an BTT atá beartaithe a aicmiú mar aicme 1 nó aicme 2 de réir Airteagal 48b(1) de CRD	
3.2 Plean gnó ar bhonn buncháis agus ar bhonn cás struis, le haghaidh na 3 bliana tar éis don BTT rochtain a fháil ar an margadh tráth dheonú an údaraithe, lena n-áirítear an fhaisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil seo a leanas:	
Suíomh beartaithe na bunaíochta agus seoladh an BTT	

Dáta measta ar a bhfuil sé i gceist tús a chur le hoibríochtaí gnó an BTT	
Réasúnaíocht ghnó agus straitéis ghnó an cheannghnóthais is iarratasóir chun BTT a bhunú agus comhsheasmhacht lena phlean gnó	
Liosta de na gníomhaíochtaí atá beartaithe, lena n-áirítear cur síos ar na croísheirbhísí baincéireachta, ar aon tseirbhís airgeadais eile a dteastaíonn ceadúnas ina leith faoin dlí náisiúnta, ar na gníomhaíochtaí neamhairgeadais a bhfuil sé ar intinn ag an BTT iad a chur i gcrích, agus ar na rioscaí gaolmhara, chomh maith leis na sprioc-chustaiméirí	
I gcás ina bhfuil sé de rún ag an BTT atá beartaithe taiscí a bhailiú ón bpobal, deimhniú ón gceannghnóthas is iarratasóir, go nglacfaidh an BTT ballraíocht i scéim ráthaithe taiscí de chuid an Bhallstáit inar cuireadh an t-iarratas isteach	
Réamh-mheastacháin airgeadais lena náirítear pleananna cuntasaíochta réamhaisnéise, tuarascálacha bliantúla réamhaisnéise, na ráitis airgeadais réamhaisnéise (eadhon an clár comhardaithe, na cuntais bhrabúis agus chailteanais nó na ráitis ioncaim agus, i gcás ina bhfuil siad ar fáil, na ráitis sreafa airgid);	
Ríomh réamhaisnéise aon chóimheasa stuamachta arna fhorchur leis an dlí náisiúnta	

Tábla 4: Clár oibríochtaí: Rialachas inmheánach agus bainistíocht riosca an BTT de réir Roinn 3 de Chuid I de na dréacht-Treoirilínite

4.1 Cairt de struchtúr eagraíochtúil an BTT atá beartaithe, agus mínithe ábhartha ag gabháil léi	
4.2 Daoine a stiúrfaidh an BTT go héifeachtach, nó comhaltaí den choiste bainistíochta áitiúil i gcás inarb infheidhme. Líon isteach cóip ar leith den tábla le do thoil do gach duine	
Ainm agus sloinne agus, murab ionann iad, ainm tráth breithe	
Inscne	
Áit bhreithe agus dáta breithe	
Tír chónaithe agus seoladh	
Uimhir theileafóin	
Uimhir mhóibíleach	
Seoladh ríomhphoist	
Náisiúntacht	
Cóip de phas, den chárta aitheantais nó a chomhionann	
Faisnéis don mheasúnú oiriúnachta i gcomhréir le hAirteagal 91 de CRD, mar a shonraítear i gcaighdeán teicniúil rialála ÚBE maidir le faisnéis agus doiciméadú chun measúnú	

oiriúnachta a dhéanamh ar chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta faoi airteagal 91 de CRD ¹⁵ .	
I gcás ina bhfuil sé ar fáil, an measúnú oiriúnachta inmheánach is déanaí ar gach duine – den bheirt ar a laghad – a a stiúrfaidh an BTT go héifeachtach, nó i gcás inarb infheidhme, ar gach comhalta den choiste bainistíochta áitiúil	
Cur síos ar phríomhdhualgais agus ar phríomhfhreagrachtaí na ndaoine	
Rialacha nós imeachta don choiste bainistíochta áitiúil (más infheidhme)	
4.3 Sealbhóirí eochairfeidhmeanna. Lión isteach cóip ar leith de ró 4.2 thuas le do thoil do gach duine a bhfuil measúnú le déanamh orthu de réir an dlí is infheidhme.	
4.3 Polasaithe agus nósanna imeachta maidir le feidhmeanna rialaithe inmheánaigh, i.e. bainistíocht riosca, comhlíonadh agus iniúchóireacht inmheánach.	
Cur síos ar na línte tuairiscithe idir na feidhmeanna rialaithe inmheánaigh agus na daoine a stiúránn go héifeachtach gnó an BTT agus, i gcás inarb infheidhme, an coiste bainistíochta áitiúil, chomh maith le comhlacht bainistíochta an cheannghnóthais	
Léargas ar bheartas riosca creidmheasa an BTT agus, i gcás inarb infheidhme, rialacha nós imeachta an choiste um riosca creidmheasa	
Léargas ar bheartas luacha saothair an BTT	
Tuairisc ar an straitéis TFC, lena n-áirítear creat bainistíochta riosca TFC a chomhlíonann Rialachán (AE) 2022/2554 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais	
Cur síos ar na socruithe tríú páirtí maidir le soláthar nó tacaíocht d'fheidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha	
Sonraí na socruithe inmheánacha faoina ndéanann a cheannghnóthas feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha an BTT a chomhlíonadh	
Léargas ar phlean leanúnachais gnó an BTT, agus faisnéis maidir le cumhdach an BTT trí phlean téarnaimh an cheannghnóthais is iarratasóir	

Tábla 5: Clár oibríochtaí: faisnéis maidir le ceanglais SA/MSC de réir Roinn 4 de Chuid I de na dréacht-Treoirlínte

5.1 An duine atá freagrach as comhlíontacht an BTT leis na ceanglais SA/MSC sa Bhallstát ina n-iarrann sé údarú	
Ainm agus sloinne agus, murab ionann iad, ainm tráth breithe	

¹⁵ Tá an Páipéar Comhairliúcháin ar fáil ag <https://www.eba.europa.eu/publications-and-media/press-releases/eba-and-esma-launch-consultation-revised-suitability-assessment-framework-banks-and-investment-firms>

Inscne	
Áit bhreithe agus dáta breithe	
Tír chónaithe agus seoladh	
Náisiúntacht	
Cóip de phas, de chárta aitheantais nó a chomhionann	
5.2 Creat sciúrtha airgid/maoinithe sceimhlitheoireachta	
Measúnú riosca sciúrtha airgid/maoiniú sceimhlitheoireachta uile-ghnó an BTT, ag féachaint do na fachtóirí riosca bunúsacha a bhaineann le cineál agus saintréithe a bhonn sprioc-chustaiméirí, na táirgí agus na seirbhísí a thairgtear agus na bealaí dáileacháin a úsáidtear	
Cur síos ar shocruithe rialachais an BTT agus ar na hacmhainní atá tiomnaithe dá fheidhm chomhlíonta SA/MSC, agus measúnú an iarratasóra ar leordhóthanacht na socruithe agus na n-acmhainní sin	
Cur síos ar na córais agus na rialuithe inmheánacha a bhaineann le SA/MSC atá beartaithe agus ar an gcaoi a bhfreagraíonn siad do na rioscaí sciúrtha airgid/maoinithe sceimhlitheoireachta a shainaithnítear sa mheasúnú riosca sciúrtha airgid/maoinithe sceimhlitheoireachta i bhfianaise na rioscaí a shainaithnítear sa mheasúnú riosca sin	
Cur síos ar bhunús na n-acmhainní lena gcomhdhéantar an dearlaic chaipitil, agus ar an mbealach a úsáideadh chun na hionstraimí a bheidh ina gcuid den dearlaic chaipitil a aistriú	

Tábla 6: Dearlaic chaipitil de réir Roinn 5 de Chuid I de na dréacht-Treoirlínte

6.1 Cinneadh réamhaisnéise an cheanglais maidir leis an dearlaic chaipitil, ag brath ar na réamhaisnéisí airgeadais atá san áireamh sa phlean gnó, bunaithe ar aicme an BTT atá beartaithe, i gcomhréir le hAirteagal 48e de CRD	
6.2 Liosta de na hionstraimí atá beartaithe a bheidh ina gcuid den dearlaic chaipitil tráth a chuirfear an t-iarratas ar údarú isteach, agus ráiteas go gcomhlíonann siad na coinníollacha atá leagtha amach i dTreoracha ÚBE maidir le hionstraimí a chomhlíonann ceanglais maidir le dearlaic chaipitil	
6.3 Cóip de chonradh an chuntais eascró i gcomhréir le hAirteagal 48e(3) CRD	
6.4 Fianaise go bhfuil an dearlaic chaipitil taiscthe i gcuntas eascró nó, mura bhfuil sé taiscthe go páirteach nó go hiomlán fós tráth a cuireadh isteach an t-iarratas ar údarú, léiriú ar an amlíne le haghaidh an taiscthe sin sula mbeidh an t-údarú chun tús a chur leis an ngníomhaíocht mar BTT éifeachtach i gcomhréir leis an dlí náisiúnta	
6.5 Cur síos ar shocruithe, ar straitéisí, ar phróisis agus ar shásraí chun an ceanglas maidir le dearlaic chaipitil a chomhlíonadh ar bhonn leanúnach	

Tábla 7: Ceanglais leachtachta de réir Roinn 6 de Chuid I de na dréacht-Treoirlínite

7.1 Cinneadh an éilimh leachtachta a réamhmheas, ag brath ar na réamhaisnéisí airgeadais atá san áireamh sa phlean gnó	
7.2 Straitéis mhaoinithe agus pleanáil leachtachta	
7.3 Cur síos ar fhoinsí cistiúcháin beartaithe an BTT, lena n-áirítear aon socrú cistiúcháin inghrúpa laistigh de theorainneacha na heisceachta atá leagtha amach in Airteagal 48c(4), pointe (d) de CRD	
7.4 Dearbhú go bhfuil na sócmhainní leachtacha atá ceaptha chun na ceanglais leachtachta a chomhlíonadh neamhualaithe, agus nach gcuirtear na sócmhainní a chomhlíonann an ceanglas leachtachta san áireamh sa cheanglas maidir le dearlaic chaipitil	
7.5 Fianaise go bhfuil na sócmhainní leachtacha curtha i dtaisce i gcuntas i gcomhréir le hAirteagal 48f de CRD nó, i gcás nach bhfuil na sócmhainní leachtacha curtha isteach go páirteach nó ina n-íomláine tráth an iarratais a chur isteach, léiriú ar an amlíne chun na sócmhainní leachtacha sin a chur isteach sula mbeidh an t-údarú chun tús a chur leis an ngníomhaíocht mar bhraintse tríú tír éifeachtach i gcomhréir leis an dlí náisiúnta	
7.6 Cur síos ar na socruithe rialachais leachtachta a léiríonn an cumas bainistíocht a dhéanamh ar an leachtacht ar bhonn an bhunchás agus ar bhonn an cháis struis, lena n-áirítear: - an cumas na ceanglais leachtachta infheidhme a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 48f(1) agus (2) CRD, agus - breac-chuntas ar an gcreat rialuithe inmheánacha leachtachta	

Tábla 8: Clár oibríochtaí: socruithe áirithinte de réir Roinn 7 de Chuid I de na dréacht-Treoirlínite

8.1 Beartais ábhartha le cur síos ar na próisis agus na nósanna imeachta a bunaíodh chun an leabhar clárúcháin a choinneáil ar bun agus na sócmhainní agus na dliteanais go léir arna gclárú nó arna dtionscnamh ag an mbraintse tríú tír a thaifeadadh, chomh maith le hítimí lasmuigh den chlár comhardaithe, dá dtagraítear in Airteagal 48h (1) de CRD	
8.2 Beartas maidir le socruithe clárúcháin chun an leabhar clárúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48h (2) de CRD a bhainistiú, le réasúnaíocht shoiléir leis na socruithe clárúcháin, lena n-áirítear idirbhearta cistiúcháin inghrúpa atá beartaithe (laistigh de na teorainneacha atá leagtha amach in Airteagal 48c(4), pointe (d) de CRD), socruithe fálaithe nó aistrithe rioscaí eile, agus an chaoi a dtagann na socruithe sin le straitéis ghnó agus bainistíochta riosca an BTT	

8.3 Fianaise ar fhormheas an bheartais maidir le socruithe clárúcháin ag comhlacht rialaithe an cheannghnóthais	
---	--

Tábla 9: Díolúine ó fhaisnéis a chur isteach de bhun Roinn 8 de Chuid I

9.1 Nuair a chomhlíontar na cúinsí atá leagtha amach i Roinn 8 de Chuid I de na Treoirlínte, dearbhú a chur isteach ina dtugtar an fhaisnéis atá liostaithe i gCuid I, Roinn 1 nach bhfuil athraithe go suntasach óna iarratas roimhe seo, agus ina ndeimhnítear go bhfuil sí fós fíor, cruinn agus cothrom le dáta. Ba cheart go sonrófaí sa dearbhú freisin an t-údarás inniúil a bhfuil an fhaisnéis ábhartha aige, na tagairtí agus dáta na nósanna imeachta dearfacha roimhe seo.	
--	--